



Ciorclán 0031/2022

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna,
na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

Earcaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta - Socruithe Sannacháin Fhorlíontaigh don scoilbhliain 2022/2023

Ordaíonn an tAire Oideachais duit na socruithe sannacháin fhorlíontaigh seo a leanas a chur chun feidhme do chúntóirí riachtanas speisialta don scoilbhliain 2022/2023. Tá na socruithe seo le cur chun feidhme ag gach fostóir le héifeacht láithreach agus ní mór do gach scoil/Bord Oideachais agus Oiliúna agus do gach cúntóir riachtanas speisialta cloí le téarmaí an chiorcláin seo.

Gabhann an ciorclán seo in ionad chiorclán 0026/2021. Is é cuspóir an chiorcláin seo fógra a thabhairt d'údaráis bhainistíochta, do Phríomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna agus do chúntóirí riachtanas speisialta faoi na socruithe sannacháin fhorlíontaigh a bheidh i bhfeidhm do chúntóirí riachtanas speisialta sa scoilbhliain 2022/23.

I gcás go mbeidh leithdháileadh breise uaireanta caighdeánacha/post caighdeánach cúntóra riachtanas speisialta ag scoil/ag Bord Oideachais agus Oiliúna (e.g. i gcás go bhfuil leithdháileadh breise uaireanta caighdeánacha/post caighdeánach cúntóra riachtanas speisialta ann nó gur fhág cúntóir riachtanas speisialta an post), is amhlaidh, chun aghaidh a thabhairt ar ócáidí na fostaíochta i measc cúntóirí riachtanas speisialta, nach mór an leithdháileadh breise uaireanta/post sin a thairiscint, in ord sinsearachta, d'aon chúntóirí páirtaimseartha riachtanas speisialta atá ann cheana i bpoist chaighdeánacha sa scoil, **sula** bhféadfaidh an fostóir dul i muinín na socruithe seo. Fágann sé sin nach mór don fhostóir, sula roghnóidh sé duine eile a earcú mar chúntóir riachtanas speisialta, a chinntiú gur tairgeadh, in ord sinsearachta, post lánaimseartha sa scoil do gach cúntóir páirtaimseartha riachtanas speisialta atá fostaithe aige cheana i bpoist chaighdeánacha. I gcás Bord Oideachais agus Oiliúna, ní mór don fhostóir, sula roghnóidh sé duine eile a earcú, a chinntiú gur tairgeadh, in ord sinsearachta, post lánaimseartha i scoil laistigh de scéim an Bhoird Oideachais agus Oiliúna do gach cúntóir páirtaimseartha riachtanas speisialta atá fostaithe aige cheana. **Tá mionsonraí iomlána leagtha amach in Ailt 17, 18 agus 19 den Chiorclán seo.**

Ní ghlacfar leis gur leasaíodh aon chiorcláin ná aon rialacháin lena rialaítear earcaíocht cúntóirí riachtanas speisialta ach amháin a mhéid atá leagtha



amach sa chiorclán seo. Dá réir sin, ba cheart d'fhostóirí leanúint ag cloí leis na nósanna imeachta atá ann cheana le haghaidh cúntóirí riachtanas speisialta a earcú, faoi réir na bearta seo a leanas a áireamh chun oibriú na socruithe sannacháin fhorlíontaigh seo do chúntóirí riachtanas speisialta a éascú. Tá sé sin i gcomhréir le ciorclán 0051/2019.

Scaipeadh:

Cinntigh go gcuirfear cóipeanna den chiorclán seo ar fáil don Bhord Bainistíochta/don Bhord Oideachais agus Oiliúna agus go dtarraingeofar aird na gcúntóirí riachtanas speisialta uile atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead, ar a bhfuil ann.

Ceisteanna:

Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an gchiorclán seo a sheoladh le ríomhphost amháin chuig an seoladh ríomhphoist tiomnaithe seo a leanas: **snasupplementpanel@education.gov.ie**

Is féidir an ciorclán seo a rochtain ar shuíomh Gréasáin na Roinne:

www.gov.ie/education

Mark Bohan
Aonad Caidrimh na Foirne Seachtraí
29 Aibreán 2022



LEATHANACH CLÁR ÁBHAR

Leathanaigh

- | | |
|---|---------|
| 1. Sainmhíithe agus Téarmaí Míniúcháin | 4 - 5 |
| 2. Liosta doiciméad atá ábhartha don Phainéal Sannacháin Fhorlíontaigh | 6 - 7 |
| 3. Cúntóirí riachtanas speisialta agus iomarcaíocht | 8 - 10 |
| 4. Diúltú do bheith páirteach sa phainéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta | 11 |
| 5. Folúntais chúntóra riachtanas speisialta – An próiseas atá le leanúint ag fostóirí | 12 - 16 |
| 6. Faisnéis ábhartha eile | 16 - 18 |
| 7. Aguisín 1 – Doiciméad Fíoraithe Próisis (foirm an Doiciméid Fíoraithe Próisis) | 19 - 21 |
| 8. Aguisín 2 – Foirm Painéil 1 (PF1) | 22 - 23 |
| 9. Aguisín 3 – Foirm Rogha an Diúltaithe | 24 - 26 |



SAINMHÍNITHE AGUS TÉARMAÍ MÍNIÚCHÁIN:

Chun críocha an chiorcláin seo, beidh an bhrí a shanntar dóibh anseo leis na téarmaí seo a leanas, ach amháin i gcás go léiríonn an comhthéacs a mhalairt:

Cuspóir na Socruithe Sannacháin Fhorlíontaigh do Chúntóirí Riachtanas Speisialta – is é cuspóir na socruithe seo cúntóirí incháilithe riachtanas speisialta atá á gcur ar iomarcaíocht ag fostóir amháin a éascú folúntais chúntóra riachtanas speisialta a thagann chun cinn i scoil/i mBord Oideachais agus Oiliúna eile a líonadh.

Fostóir – i gcás gairmscoileanna, pobalscoileanna agus pobalscoileanna náisiúnta, ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna agus, i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha, ciallaíonn sé seo Bord Bainistíochta/Bainisteoir. Féadfaidh an Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht as ábhair a leagtar amach sa chiorclán seo a tharmligean chuig Príomhoide na scoile.

An Roinn – ciallaíonn sé seo an Roinn Oideachais.

Bainisteoir Sannacháin Fhorlíontaigh – ciallaíonn sé seo duine a sannann an Roinn Oideachais é/í chun an ról atá leagtha amach i mír 32 (leathanach 16) den chiorclán seo a chomhlíonadh.

Post Caighdeánach Cúntóra Riachtanas Speisialta – ciallaíonn sé seo post ar cuid den tacaíocht cúntóra riachtanas speisialta a thugann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta do scoil é.

Post Cúntóra Ionaid Riachtanas Speisialta nó Cúntóra Cumhdaigh Riachtanas Speisialta – ciallaíonn sé seo duine a cheaptar ar bhonn sealadach chun folúntas a chumhdach i gcás go bhfuil Cúntóir Riachtanas Speisialta atá i bpost caighdeánach ar chead neamhláithreachta, amhail saoire mháithreachais, saoire bhreiteachta, sos gairme, postroinnt, etc.

Seirbhís a Thabhairt Anonn – aon chúntóir riachtanas speisialta a mheastar a bheith ina b(h)all den phainéal sannacháin fhorlíontaigh seo agus a cheapfar chuig post eile cúntóra riachtanas speisialta an 1 Meitheamh 2023 nó roimh an dáta sin, tabharfaidh sé/sí ar aghaidh aon seirbhís ináirithe atá fabhraithe aige/aici cheana féin mar chúntóir riachtanas speisialta lena f(h)ostóir roimhe. Tabharfar an tseirbhís sin ar aghaidh agus beidh sí ináirithe, chun críocha iomarcaíochta amháin, i gcás go dtiocfaidh cor iomarcaíochta chun cinn amach anseo i leith an duine sin. Mar shampla, d'oibrigh cúntóir riachtanas speisialta i bpost lánaimseartha i Scoil A ón 1 Meán Fómhair 2016 go dtí an 31 Lúnasa 2019. Cuireadh ar iomarcaíocht é/í agus fuair sé/sí post lánaimseartha cúntóra riachtanas speisialta i Scoil B ansin. Oibreoidh sé/sí i Scoil B ón 1 Meán Fómhair 2019 go dtí an 31 Lúnasa 2022. Ag an am sin, cuirfeadh an chúntóir riachtanas speisialta ar iomarcaíocht



agus roghnóidh sé/sí glacadh le híocaíocht iomarcaíochta. Cumhdófar tréimhse 6 bliana san íocaíocht iomarcaíochta sin, i.e. cuirfear na 3 bliana a caitheadh i Scoil A leis na 3 bliana a caitheadh i Scoil B.

Doiciméad Fíoraithe Próisis – féach Aguisín 1 (leathanaigh 19 go 21). Ní mór d’fhostóirí an fhoirm seo a chomhlánú i ndáil le gach folúntas caighdeánach cúntóra riachtanas speisialta, **lena n-áirítear i ndáil le huaireanta breise a líonadh (i.e. i gcás go bhfaighidh cúntóir páirtaimseartha riachtanas speisialta atá ann cheana uaireanta breise)**. Ní mór an fhoirm a sheoladh ar ais chuig an mbainisteoir sannacháin fhorlíontaigh ansin. Níor cheart foirm an Doiciméid Fíoraithe Próisis a chomhlánú i ndáil le folúntais ionaid nó chumhdaigh.

Foirm Painéil 1 (PF1) – féach Aguisín 2 (leathanaigh 22 go 23). I gcás go mbeidh fostóir ag tabhairt fógra do chúntóir riachtanas speisialta go bhfuil sé/sí á c(h)ur ar iomarcaíocht, ba cheart don fhostóir foirm chomhlánaithe PF1 a thabhairt láithreach don chúntóir riachtanas speisialta. I ngach cás, ba cheart do chúntóirí riachtanas speisialta foirm chomhlánaithe PF1 a thabhairt dá bhfostóir agus iad ag déanamh iarratas ar fholúntas, toisc gurb é sin an t-aon bhealach amháin inar féidir le fostóirí a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil Cearta Painéil ag an iarratasóir.

FOIRM ROGHA AN DIÚLTAITHE – féach Aguisín 3 (leathanaigh 24 go 26). Tá an fhoirm seo le comhlánú ag chúntóir riachtanas speisialta ar mian leis/léi diúltú do bheith páirteach sa phainéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta don bhliain 2022/23. A luaithe a fhaightear an fhoirm, tosófar ar a (h)íocaíocht iomarcaíochta a phróiseáil ar aon dul leis na téarmaí atá leagtha amach i scéim iomarcaíochta na gcúntóirí riachtanas speisialta (Ciorclán 58/06 ón Roinn Oideachais) nó in aon leagan athbhreithnithe den chéanna is infheidhme ag an am. Is críochnaitheach agus ceangailteach a bheidh an cinneadh chun diúltú do bheith páirteach sa phainéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta don bhliain 2022/23.



LIOSTA DOICIMÉAD ATÁ ÁBHARTHA DON PHRÓISEAS SANNACHÁIN FHORLÍONTAIGH

PRÓISEAS AGUS EINTITEAS FREAGRACH	AINM NA FOIRME	LE SEOLADH CHUIG	Tréimhse Ama / Spriocdháta
IOMARCAÍOCHT Freagracht an Fhostóra	SNA RED1	snaredundancy@education.gov.ie nó An tAonad um Iomarcaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Rannóg Párolla, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659 <i>*I gcás na hEarnála Bord Oideachais agus Oiliúna, tá an fhoirm le seoladh chuig Rannóg áitiúil Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann</i>	Láithreach Spriocdháta le haghaidh Foirmeacha a Fháil: 52 seachtain ó dháta na hiomarcaíochta
IOMARCAÍOCHT Freagracht an Fhostóra	RP50	snaredundancy@education.gov.ie nó An tAonad um Iomarcaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Rannóg Párolla, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659 <i>*I gcás na hEarnála Bord Oideachais agus Oiliúna, tá an fhoirm le seoladh chuig Rannóg áitiúil Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann</i>	Láithreach Spriocdháta le haghaidh Foirmeacha a Fháil: 52 seachtain ó dháta na hiomarcaíochta
IOMARCAÍOCHT Freagracht an Chúntóra Riachtanas Speisialta	FOIRM ROGHA AN DIÚLTAITHE (leathanaigh 24-26)	snaredundancy@education.gov.ie nó An tAonad um Iomarcaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Rannóg Párolla, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659 <i>*I gcás na hEarnála Bord Oideachais agus Oiliúna, tá an fhoirm le seoladh chuig Rannóg áitiúil Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann</i>	Go dtí go rachaidh cearta painéil an chúntóra riachtanas speisialta as feidhm
IOMARCAÍOCHT AGUS EARCAÍOCHT Freagracht an Fhostóra	Foirm Painéil 1 (PF1) (leathanaigh 22-23)	Go díreach chuig an gcúntóir riachtanas speisialta	Díreach tar éis fógra a fháil faoin iomarcaíocht



EARCAÍOCHT Freagracht an Fhostóra	Doiciméad Fíoraithe Próisis (leathanaigh 19-21)	snasupplementpanel@education.gov.ie nó An Bainisteoir Sannacháin Fhorlíontaigh Bloc 2, Sráid Mhaoilbhríde, D01 RC96	Laistigh de 6 seachtaine ón bhfolúntas a líonadh
EARCAÍOCHT Freagracht an Fhostóra	Fógra a Thabhairt faoi Cheapacháin - Cúntóir Riachtanas Speisialta (www.education.ie) <i>*Gan an Earnáil Bord Oideachais agus Oiliúna a áireamh</i>	NTSPayroll@education.gov.ie nó An Rannóg Párolla do Bhaill Foirne Neamhtheagaisc, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659	Díreach tar éis an cheapacháin



Nóta Tábhachtach: Doiciméid Fíoraithe Próisis a sheoladh ar ais

Ní mór do scoileanna/do Bhoird Oideachais agus Oiliúna Doiciméad Fíoraithe Próisis ar leith a chomhlánú agus a sheoladh ar ais i ndáil le gach folúntas caighdeánach a líonadh, lena n-áirítear i ndáil le huaireanta breise a líonadh (i.e. i gcás go bhfaighidh cúntóir páirtaimseartha riachtanas speisialta atá ann cheana uaireanta breise).

Ní mór an Doiciméad Fíoraithe Próisis a sheoladh ar ais chuig an mBainisteoir Sannacháin Fhorlíontaigh laistigh de shé seachtaine ó gach folúntas caighdeánach a líonadh – féach leathanach 14 den chiorclán seo chun tuilleadh faisnéise a fháil agus féach leathanaigh 19 go 21 chun cóip a fháil d’fhoirm an Doiciméid Fíoraithe Próisis.

CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA AGUS IOMARCAÍOCHT:

Cad a tharlóidh i gcás go dtabharfar fógra do chúntóir riachtanas speisialta go bhfuil sé/sí le cur ar iomarcaíocht?

1. **Ní mór** d’fhostóirí an iomarcaíocht a phríoiseáil láithreach. I gcás go mbeidh cúntóir riachtanas speisialta fostaithe ag Bunscoil, Meánscoil, Pobalscoil nó Scoil Chuimsitheach atá aitheanta, ba cheart don fhostóir fógra foirmiúil a thabhairt don chúntóir riachtanas speisialta faoin iomarcaíocht.

Tá na foirmeacha seo a leanas le comhlánú agus le cur ar aghaidh chuig an seoladh thíos láithreach.

- i. Foirm SNA RED1 (*i gcás na hearnála bord oideachais agus oiliúna, tá an fhoirm le seoladh chuig Rannóg Áitiúil Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann*)
- ii. Foirm RP50 (*i gcás na hearnála bord oideachais agus oiliúna, tá an fhoirm le seoladh chuig Rannóg Áitiúil Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann*)

snaredundancy@education.gov.ie nó

An tAonad um Iomarcaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta
An Rannóg Párolla
An Roinn Oideachais
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí

Tá an spriocdháta le haghaidh iarratas leagtha amach i gCiorclán 58/2006 ón Roinn Oideachais (52 sheachtain ó dháta na hiomarcaíochta faoi láthair) nó in aon leagan athbhreithnithe den



chéanna is infheidhme ag an am. Tá na foirmeacha thuasluaite agus teoracha maidir lena gcomhlánú ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.gov.ie/education.

2. **Más rud é nach bhfaighfear iarratas ar iomarcaíocht roimh an ngnáth-spriocdháta le haghaidh iarratais ar iomarcaíocht (52 sheachtain ó dháta na hiomarcaíochta faoi láthair), ní bheidh an cúntóir riachtanas speisialta incháilithe le haghaidh iomarcaíochta mura bhfaigheann sé/sí post trí na socrúithe sannacháin fhorlíontaigh.**
3. In imthosca ina bhfuil cúntóir riachtanas speisialta fostaithe faoi láthair ag Bord Oideachais agus Oiliúna, ba cheart na forálacha atá ann cheana le haghaidh duine a athshannadh laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna a chomhlíonadh sula n-eiseofar aon fhógra iomarcaíochta. Ba cheart dá f(h)ostóir leanúint leis an iomarcaíocht a phróiseáil ar an ngnáthbhealach ansin. Ba cheart fógra foirmiúil a thabhairt don chúntóir riachtanas speisialta faoin iomarcaíocht agus ba cheart foirmeacha SNA RED1 agus RP50 a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig an rannán ábhartha sa Bhord Oideachais agus Oiliúna nó chuig an Roinn, de réir mar is cuí.
4. A luaithe a thugtar fógra do chúntóir riachtanas speisialta a bhfuil seirbhís leanúnach aon bhliana ar a laghad curtha isteach aige/aici i bpost caighdeánach cúntóra riachtanas speisialta (ní chuirfear seirbhís i gcáil ionaid, i.e. chun saoire mháithreachais, saoire bhreioiteachta, sosanna gairme a chumhdach, ná postroinnt, etc., san áireamh chun críocha iomarcaíochta) go bhfuil sé/sí le cur ar iomarcaíocht, measfar go mbeidh sé/sí ina b(h)all de phainéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta ón dáta a scoirfidh an post. **Ní bheidh feidhm ag an méid sin i gcás go gcaillfidh cúntóir riachtanas speisialta uaireanta agus go bhfanfaidh sé/sí lena f(h)ostóir reatha.**
5. I gcás go mbeidh fostóir ag tabhairt fógra do chúntóir riachtanas speisialta go bhfuil sé/sí á c(h)ur ar iomarcaíocht, ba cheart don fhostóir foirm chomhlánaithe PF1 a thabhairt **láithreach** don chúntóir riachtanas speisialta. Tá an fhoirm sin i gceangal leis an gcioclán seo ar leathanaigh 22 agus 23.
6. I ngach cás, ba cheart do chúntóirí riachtanas speisialta foirm chomhlánaithe PF1 a thabhairt dá bhfostóir agus iad ag déanamh iarratas ar fholúntas, toisc gurb é sin an t-aon bhealach amháin inar féidir le fostóirí a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil Cearta Painéil ag an iarratasóir.
7. Maidir le chúntóirí riachtanas speisialta a chuirfear ar iomarcaíocht an 1 Bealtaine 2021 nó ina dhiaidh agus nach mbeidh post nua faighte acu,



fanfaidh siad ar an bpainéal agus beidh cearta painéil acu go dtí an 30 Aibreán 2023 ionas gur féidir leo post eile cúntóra riachtanas speisialta a fháil. Ar ndóigh, féadfaidh cúntóirí riachtanas speisialta den sórt sin diúltú do bheith páirteach sa phainéal agus a roghnú go bpróiseálfaí a n-íocaíocht iomarcaíochta. Ní tharlóidh sé sin go huathoibríoch, áfach.

8. Maidir le cúntóirí riachtanas speisialta a cuireadh ar iomarcaíocht idir an 1 Bealtaine 2020 agus an 30 Aibreán 2021 agus nach bhfuil post nua cúntóra riachtanas speisialta faighte acu as a gceart féin go fóill, próiseálfaí a n-íocaíocht iomarcaíochta anois ar choinníoll:
 - i. Gur chuir siad foirmeacha SNA Red1 agus RP50 isteach laistigh de na spriocdhátaí riachtanacha le haghaidh an chéanna;
 - ii. Nach bhfuair siad a n-íocaíocht iomarcaíochta cheana féin trí shásra “rogha an diúltaithe”.

9. **Íocaíochtaí iomarcaíochta a Phróiseáil:**

Is ar an 1 Bealtaine 2023 a thosófar ar íocaíochtaí iomarcaíochta a phróiseáil do chúntóirí riachtanas speisialta a mheastar a bheith ina mbaill den phainéal sannacháin fhorlíontaigh. Toisc go mbeidh an painéal as feidhm ag an am sin, ní mheasfar aon chúntóir riachtanas speisialta nár ceapadh chuig post eile cúntóra riachtanas speisialta a bheith ina b(h)all den phainéal sannacháin fhorlíontaigh a thuilleadh. Tosófar ar íocaíocht iomarcaíochta an chúntóra riachtanas speisialta a phróiseáil d’fhonn í a thabhairt chun críche a luaithe is féidir.

10. **Seirbhís atá ann cheana – iomarcaíocht:**

Ní dhéanfar aon íocaíocht iomarcaíochta i leith aon chúntóra riachtanas speisialta a mheastar a bheith ina b(h)all den phainéal sannacháin fhorlíontaigh seo agus a cheapfar chuig post eile cúntóra riachtanas speisialta an 30 Aibreán 2023 nó roimh an dáta sin. Más rud é, tar éis iomarcaíochta, go gceapfar é/í chuig post eile cúntóra riachtanas speisialta le linn na scoilbhliana 2022/23, áfach, is amhlaidh, maidir le cibé seirbhís atá fabhráithe aige/aici cheana féin mar chúntóir riachtanas speisialta lena f(h)ostóir reatha óna bhfuil sé/sí á c(h)ur ar iomarcaíocht agus a mbeadh sé/sí i dteideal íocaíocht iomarcaíochta a fháil ina leith ar aon dul le téarmaí chiorclán 58/06 ón Roinn Oideachais, go dtabharfar an tseirbhís sin ar aghaidh agus go mbeidh sí ináirithe, chun críocha iomarcaíochta amháin, i gcás go dtiocfaidh cor iomarcaíochta chun cinn amach anseo i leith an duine sin.



DIÚLTÚ DO BHEITH PÁIRTEACH SA PHAINÉAL SANNACHÁIN FHORLÍONTAIGH DO CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA:

11. Féadfaidh cúntóir riachtanas speisialta diúltú do bheith páirteach sa phainéal sannacháin fhorlíontaigh seo ag aon am. A luaithe a dhéanann sé/sí amhlaidh, tosófar ar a (h)íocaíocht iomarcaíochta a phróiseáil ar aon dul leis na téarmaí atá leagtha amach i scéim iomarcaíochta na gcúntóirí riachtanas speisialta (Ciorclán 58/06 ón Roinn Oideachais) nó in aon leagan athbhreithnithe den chéanna is infheidhme ag an am. Is críochnaitheach agus ceangailteach a bheidh an cinneadh chun diúltú do bheith páirteach sa phainéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta don bhliain 2022/23. Ba cheart d'aon chúntóir riachtanas speisialta ar mian leis/léi diúltú do bheith páirteach sa phainéal FOIRM ROGHA AN DIÚLTAITHE DO CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA ar leathanaigh 24 go 26 den Chiorclán seo a chomhlánú agus an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig:

snaredundancy@education.gov.ie nó

**An tAonad um Iomarcaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta,
An Rannóg Párolla
An Roinn Oideachais
Corr na Madadh
Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí**

I gcás go raibh an cúntóir riachtanas speisialta fostaithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna, tabhair faoi deara gur cheart foirm rogha an diúltaithe a sheoladh ar ais chuig Rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird sin.

12. Cuireann an Roinn/na Boird Oideachais agus Oiliúna córas srianta agus ceartúcháin i bhfeidhm le linn dóibh foirmeacha rogha an diúltaithe agus éilimh iomarcaíochta a phróiseáil. Más rud é go bhfaighfear amach gur sheol duine foirm rogha an diúltaithe chuig an Roinn/chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna ach go bhfuair sé/sí post nua cúntóra riachtanas speisialta i scoil eile, scoirfear den fhoirm a phróiseáil agus ní dhéanfar aon íocaíocht iomarcaíochta leis/léi.
13. Aon chúntóir riachtanas speisialta a roghnóidh glacadh le híocaíocht iomarcaíochta mar atá leagtha amach thuas agus a n-athfhostóidh scoil nó Bord Oideachais agus Oiliúna **ar bith** é/í mar chúntóir riachtanas speisialta ansin laistigh de bhliain amháin ó cuireadh ar iomarcaíocht é/í, ní mór dó/di fógra a thabhairt don Roinn Oideachais nó don Bhord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann go bhfuair sé/sí an íocaíocht iomarcaíochta sin. Sna himthosca sin, ceanglófar ar an duine an ghné bhreisithe (*ex gratia*) den íocaíocht iomarcaíochta a aisíoc. Déanfar na socruithe le haghaidh aisíocaíochta ag an am sin,



faoi réir an aisíocaíocht a dhéanamh laistigh de thréimhse 12 mhí. Ní bheidh an aisíocaíocht sin iníoctha leis an gcúntóir riachtanas speisialta, fiú amháin i gcás go dtiocfaidh eachtra iomarcaíochta chun cinn amach anseo, toisc go measfar gur briseadh an tseirbhís ar ina leith a rinneadh an íocaíocht nuair a fuair sé/sí a t(h)eidlíochtaí iomarcaíochta reachtúla.

14. Fiú amháin i gcás go n-aisíocfaidh cúntóir riachtanas speisialta an ghné bhreisithe (*ex gratia*) den íocaíocht iomarcaíochta, ba cheart a thabhairt faoi deara go measfar gur briseadh an tseirbhís ar ina leith a rinneadh an íocaíocht nuair a fuair sé/sí a t(h)eidlíochtaí iomarcaíochta reachtúla agus nach mbeidh aon seirbhís den sórt sin ináirithe chun críocha iomarcaíochta i gcás go gcuirfidh an fostóir nua an cúntóir riachtanas speisialta ar iomarcaíocht ina dhiaidh sin.
15. Agus é/í ag glacadh leis an íocaíocht iomarcaíochta, ceanglófar ar an gcúntóir riachtanas speisialta dearbhú chuige sin a shíniú. Is é a bheidh sa dearbhú freisin ná údarú á rá go bhféadfaidh an Roinn, agus aon fhostóir cúntóirí riachtanas speisialta san earnáil oideachais, an fhaisnéis lena mbaineann a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na forála sin.

FOLÚNTAIS CHÚNTÓRA RIACHTANAS SPEISIALTA – AN PRÓISEAS ATÁ LE LEANÚINT AG FOSTÓIRÍ:

Faoi réir aon eisceachtaí a cheadaítear leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2015, níor cheart, le linn próiseas earcaíochta agus roghnúcháin, a chur in iúl go bhfuil rún ann idirdhealú a dhéanamh ná faisnéis a thabhairt in aon fhoirm a d'fhéadfaí a thuiscint le réasún go gcuirtear aon rún den sórt sin in iúl inti.

16. Féadfaidh cúntóir riachtanas speisialta ar ball den phainéal sannacháin fhorlíontaigh é/í a bheith fostaithe mar chúntóir ionaid nó cumhdaigh riachtanas speisialta agus a (h)áit ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh a choinneáil ag an am céanna. Ní bheidh seirbhís den sórt sin ináirithe chun críocha sinsearachta, incriminteacha nó iomarcaíochta. Níl feidhm ag rialacha an phainéil sannacháin fhorlíontaigh maidir le folúntais ionaid nó chumhdaigh a líonadh, i.e. saoire mháithreachais, saoire bhreiteachta, sosanna gairme, postroinnt, saoire neamhíochta, etc. Ba cheart folúntais den sórt sin a líonadh de réir Chiorclán 0051/2019.
17. **I gcás go mbeidh leithdháileadh breise uaireanta caighdeánacha/post caighdeánach cúntóra riachtanas speisialta ag scoil/ag Bord Oideachais agus Oiliúna (e.g. i gcás go bhfuil leithdháileadh breise uaireanta caighdeánacha/post caighdeánach cúntóra riachtanas speisialta ann nó gur fhág cúntóir riachtanas speisialta an post), ní mór an leithdháileadh breise uaireanta**



caighdeánacha/post caighdeánach sin a thairiscint, in ord sinsearachta, do chúntóirí páirtaimseartha riachtanas speisialta atá ann cheana i bpoist chaighdeánacha sa scoil, sula bhféadfaidh an fhostóir dul i muinín na socruithe seo. Fágann sé sin nach mór don fhostóir, sula roghnóidh sé duine eile a earcú mar chúntóir riachtanas speisialta, a chinntiú gur tairgeadh, in ord sinsearachta, post lánaimseartha sa scoil do gach cúntóir páirtaimseartha riachtanas speisialta atá fostaithe aige cheana i bpoist chaighdeánacha. I gcás Bord Oideachais agus Oiliúna, ní mór don fhostóir, sula roghnóidh sé duine eile a earcú, a chinntiú gur tairgeadh, in ord sinsearachta, post lánaimseartha i scoil laistigh de scéim an Bhoird Oideachais agus Oiliúna do gach cúntóir páirtaimseartha riachtanas speisialta atá fostaithe aige cheana.

(De lánrogha na scoile/an Bhoird Oideachais agus Oiliúna féin agus ar aon dul leis an leithdháileadh sonrath ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, is amhlaidh, i gcás go dtiocfaidh uaireanta breise chun cinn toisc gur ghlac cúntóir riachtanas speisialta sos gairme, go bhféadfar na huaireanta breise sin a thairiscint, in ord sinsearachta, do chúntóirí páirtaimseartha riachtanas speisialta atá ann cheana sa scoil sin. Ba cheart conradh ar leith do na huaireanta breise sin a eisiúint chuig aon chúntóir riachtanas speisialta a gheobhaidh uaireanta den sórt sin (Féach Alt 8.2 de Chiorclán 22/2012 ón Roinn Oideachais). Déanfar aon tairiscint den sórt sin ar an tuiscint go bhfillfidh an cúntóir páirtaimseartha riachtanas speisialta ar uaireanta páirtaimseartha nuair a rachaidh an cúntóir riachtanas speisialta atá ar shos gairme i mbun dualgais an athuir. I gcás uaireanta breise, ní chuirfear seirbhís a cuireadh isteach i gcáil ionaid san áireamh chun críocha iomarcaíochta.)

18. Tairgfear na huaireanta caighdeánacha breise chúntóra riachtanas speisialta/na poist chaighdeánacha bhreise chúntóra riachtanas speisialta faoi réir dualgais iomlána an phoist a bheith á gcomhlíonadh ag an gcúntóir riachtanas speisialta, lena n-áireofar tabhairt faoi aon oiliúint/uasoiliúint a bheidh ag teastáil ionas gur féidir leis/léi freastal ar riachtanais chúraim an dalta/na ndaltaí agus dualgais iomlána an phoist a chur i gcrích. Más rud é go ndiúltóidh cúntóir páirtaimseartha riachtanas speisialta/cúntóirí páirtaimseartha riachtanas speisialta do phost lánaimseartha agus/nó go mbeidh uaireanta caighdeánacha breise chúntóra riachtanas speisialta/poist chaighdeánacha bhreise chúntóra riachtanas speisialta ar fáil, ba cheart don fhostóir tús a chur leis an bpróiseas chun folúntas/folúntais den sórt sin a líonadh.

Ní dhéanfar aon difear don staid maidir le laethanta Naíonán a leithdháileadh agus a dháileadh. Is gné shonrach ar leith de scéim na gcúntóirí riachtanas speisialta é sin.



19. Ní fhéadfar imeacht ó Phointe 17 thuas ach amháin i gcás go bhfaighidh scoil/Bord Oideachais agus Oiliúna cinneadh i scríbhinn ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta/ón Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais á rá nach mór an leithdháileadh a roinnt i measc líon sonrach cúntóirí riachtanas speisialta agus/nó á rá nach mór an leithdháileadh a chur chun feidhme ar bhealach sonrach chun freastal ar riachtanais chúraim an dalta/na ndaltaí. Ní mór an cinneadh i scríbhinn ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta/ón Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais a thabhairt don chúntóir páirtaimseartha riachtanas speisialta/do na cúntóirí páirtaimseartha riachtanas speisialta lena mbaineann.
20. Ní mór do scoileanna/do Bhoird Oideachais agus Oiliúna Doiciméad Fíoraithe Próisis ar leith (leathanaigh 19 go 21) a chomhlánú agus a sheoladh ar ais i ndáil le gach folúntas caighdeánach a líonadh, lena n-áirítear i ndáil le huaireanta breise a líonadh (i.e. i gcás go bhfaighidh cúntóir páirtaimseartha riachtanas speisialta atá ann cheana uaireanta breise). Ní mór an doiciméad sin a sheoladh ar ais chuig an mbainisteoir sannacháin fhorlíontaigh laistigh de shé seachtaine ón bhfolúntas a líonadh.
21. Ní mór gach folúntas caighdeánach cúntóra riachtanas speisialta agus gach folúntas cúntóra cumhdaigh riachtanas speisialta a mhairfidh 24 seachtaine nó níos mó a fhógairt ar cheann amháin de na suíomhanna Gréasáin seo a leanas a luaithe is féidir (is féidir go ngearraídh roinnt de na soláthraithe seo táille i leith poist a fhógairt ar a suíomh Gréasáin).

Liosta Suíomhanna Gréasáin:

www.staffroom.ie
www.educationcareers.ie
www.educatetogether.ie
www.jobsireland.ie
www.educationposts.ie

Aon suíomh Gréasáin de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Ina theannta sin, féadfar folúntais chúntóra riachtanas speisialta a fhógairt ar bhonn áitiúil de réir mar is gá/mar a mheastar a bheith riachtanach freisin. Cuirfidh sé sin ar chumas cúntóirí riachtanas speisialta atá á gcur ar iomarcaíocht a fháil amach cé na folúntais chúntóra riachtanas speisialta atá ar fáil.

22. Ní mór aon inniúlachtaí sonracha agus/nó aon cheanglais shonracha a theastaíonn chun freastal ar riachtanais bhreise chúraim an dalta/na ndaltaí a liostú san fhógra.



23. Meabhraítear d'fhostóirí gurb amhlaidh, le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2011, gurb é seo a leanas an caighdeán íosta oideachais a theastaíonn ó dhuine sula bhféadfar é/í a cheapadh chuig post cúntóra riachtanas speisialta: Mórcháilíocht ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ag leibhéal 3 den chreat náisiúnta cáilíochtaí **nó** trí cinn ar a laghad de ghráid D sa Teastas Sóisearach **nó** a choibhéis.
24. Más rud é go bhfaighidh fostóir iarratas ar fholúntas ó níos mó ná cúntóir riachtanas speisialta amháin atá le cur ar iomarcaíocht agus go dtabharfaidh siad cóip dheimhnithe d'Fhoirm Painéil 1 (PF1) don fhostóir, beidh **oibleagáid** ar an bhfostóir ansin an folúntas a thairiscint do dhuine amháin de na cúntóirí riachtanas speisialta sin. **Beidh sé sin faoi réir aon inniúlachtaí sonracha agus/nó aon cheanglais shonracha a theastaíonn chun freastal ar riachtanais bhreise chúraim an dalta/na ndaltaí, mar atá leagtha amach san fhógra don phost, a bheith á gcomhlíonadh ag an gcúntóir riachtanas speisialta.** Beidh próiseas agallaimh ag teastáil chun an méid sin a chinneadh. Beidh sé sin faoi réir teistiméireachtaí a sheiceáil agus a fhíorú, aon cheanglais sláinte agus sábháilteachta ceirde a chomhlíonadh agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a shásamh freisin. Ní mór don chúntóir riachtanas speisialta comhaontú le héiteas an fhostóra atá i gceist a urramú.
25. Iarratasóirí den sórt sin a ghearrliostú le haghaidh agallaimh: **Ní fhéadfaidh fostóirí agallamh a chur ar an gcéad dul síos ach amháin ar chúntóirí riachtanas speisialta a bhfuil cóip dheimhnithe d'fhoirm PF1 acu.** Más ann do chúigear iarratasóirí nó níos lú den sórt sin, glaofar gach duine díobh chun agallaimh. Murach sin, glaofar cúigear iarratasóirí ar a laghad den sórt sin chun agallaimh.
26. Más rud é nach bhfaighidh fostóir iarratas ar fholúntas ó chúntóir riachtanas speisialta atá le cur ar iomarcaíocht agus a thabharfaidh cóip dheimhnithe d'Fhoirm Painéil 1 (PF1) don fhostóir laistigh den tréimhse ama atá sonraithe san fhógra **nó**, más rud é, tar éis agallaimh a dhéanamh de réir mhír 25, go bhfaighfear amach nár chomhlíon aon duine de na hiarratasóirí na hinniúlachtaí sonracha agus/nó na ceanglais shonracha a theastaíonn chun freastal ar riachtanais bhreise chúraim an dalta/na ndaltaí, **is ag an am sin, agus ag an am sin amháin,** a fhéadfaidh an fostóir iarratasóirí eile a ghlaoch chun agallaimh d'fhonn an folúntas a líonadh ó na hiarratasóirí go léir eile (iarratasóirí breise ar an bpainéal san áireamh) ar an bhfolúntas. **Ní mór an dara próiseas agallaimh sin, má tá gá leis, a réachtáil ar lá leithleach agus beidh sé faoi réir chiorclán 0051/2019.**
27. Más rud é, tar éis an agallaimh, go bhfaighidh roinnt iarrthóirí an t-aon mharc amháin, ba cheart sinsearach mar chúntóir riachtanas speisialta a úsáid mar thoisic chinntitheach agus an folúntas á líonadh. Is féidir



sinsearachta na gcúntóirí riachtanas speisialta a fháil amach ó fhoirm PF1.

28. Ar an bpost a thairiscint dó/di, beidh oibleagáid ar an iarrthóir rathúil deimhniú go nglacann sé/sí leis an tairiscint a thabhairt i scríbhinn don fhostóir **tráth nach déanaí ná sé lá féilire** ó dháta na litreach tairisceana. Más rud é nach nglacfar sa tréimhse ama riachtanach leis an bhfolúntas a tairgeadh, tarraingeofar an tairiscint siar.

29. Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:

Ní mór don fhostóir a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais ábhartha Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus go dtabharfaidh daoine atá á gceapadh chuig post cúntóra riachtanas speisialta dearbhú reachtúil atá bainteach le cosaint leanaí mar aon leis an bhfoirm gealltanais ghaolmhar. Tá na ceanglais reatha leagtha amach ar www.gov.ie/education

30. Conarthaí Fostaíochta:

Ní mór conradh fostaíochta a thairiscint do cheapaithe de réir na dtéarmaí atá leagtha amach sna ciorcláin ábhartha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne. Is féidir na conarthaí reatha do chúntóirí riachtanas speisialta ar leibhéal Bunscoile agus Iar-bhunscoile a fháil ag na seoltaí Gréasáin seo a leanas:

- [Ciorclán SNA 15/05 - Conradh Fostaíochta le haghaidh Cúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i Scoileanna Náisiúnta](#)
- [Ciorclán SNA 12/05 - Conradh Fostaíochta le haghaidh Cúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i Scoileanna Dara Leibhéal](#)

31. Fógra a thabhairt don Roinn Oideachais faoi cheapachán: Ar an nós imeachta ceapacháin a chur i gcrích mar atá leagtha amach thuas, déanfaidh fostóirí (nach Boird Oideachais agus Oiliúna iad) an fhoirm “Fógra Ceapacháin – Cúntóirí Riachtanas Speisialta” a chomhlánú agus a chur isteach. Is féidir an fhoirm sin a fháil ag an seoladh Gréasáin seo a leanas:
www.gov.ie/education

FAISNÉIS ÁBHARTHA EILE:

32. Ról an Bhainisteora Sannacháin Fhorlíontaigh:

Beidh ról an bhainisteora sannacháin fhorlíontaigh mar seo a leanas don scoilbhliain 2022/23:

- Beidh oibleagáid ar aon fhostóir atá ag earcú cúntóirí riachtanas speisialta cóip chomhlánaithe den Doiciméad Fíoraithe Próisis a thabhairt don bhainisteoir sannacháin fhorlíontaigh.



- Déanfaidh sé/sí athbhreithniú ar chásanna roinnt cúntóirí riachtanas speisialta (más ann) nach bhfuil ag éirí leo fostaíocht bhreise a fháil trí na socruithe seo d'fhonn a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil aon chúiseanna athfhillteacha sonracha ann nach bhfuair cúntóirí riachtanas speisialta post eile cúntóra riachtanas speisialta trí na socruithe seo.
 - I gcomhar leis an Roinn Oideachais, déanfaidh na hÚdaráis Bhainistíochta agus na Ceardchumann athbhreithniú ar oibriú na socruithe seo/an Chiorcláin seo roimh an scoilbhliain 2023/24 d'fhonn aon leasuithe a chur i bhfeidhm a mheastar a bheith riachtanach chun feabhas a chur ar oibriú na socruithe seo.
33. Mar atá leagtha amach cheana féin, gabhann an Ciorclán seo in ionad chiorclán 26/2021 ón Roinn Oideachais ar gach bealach. Fágann sé sin gurb amhlaidh, maidir le cúntóirí riachtanas speisialta a chuirfear ar iomarcaíocht an 1 Bealtaine 2021 nó ina dhiaidh agus nach mbeidh post nua faighte acu, go bhfanfaidh siad ar an bpainéal go dtí an 30 Aibreán 2023 ionas gur féidir leo post eile cúntóra riachtanas speisialta a fháil. Ar ndóigh, féadfaidh cúntóirí riachtanas speisialta den sórt sin diúltú do bheith páirteach sa phainéal agus a roghnú go bpróiseálfaí a n-íocaíocht iomarcaíochta. Ní tharlóidh sé sin go huathoibríoch, áfach.
34. Ní cheapfar cúntóirí riachtanas speisialta ach amháin chuig post caighdeánach atá le líonadh laistigh den leithdháileadh post atá ceadaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.
35. Más rud é go gceapfar cúntóirí riachtanas speisialta chuig post caighdeánach eile cúntóra riachtanas speisialta an 30 Aibreán 2023 nó roimh an dáta sin, ní mheasfar é/í a thuilleadh a bheith ina b(h)all den phainéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta don bhliain 2022/23.
36. I gcás go n-éireoidh cúntóirí riachtanas speisialta as post caighdeánach (nó post caighdeánach páirtaimseartha), ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbeidh sé/sí i dteideal a bheith ina b(h)all den phainéal sannacháin fhorlíontaigh agus nach mbeidh sé/sí i dteideal íocaíocht iomarcaíochta a éileamh, faoi mar a bhí amhlaidh roimhe seo.
37. Maidir le cúntóirí riachtanas speisialta atá ina mbaill den phainéal sannacháin fhorlíontaigh, ní bheidh aon teidlíocht acu i leith tuarastail de bhua iad a bheith ina mbaill den phainéal sin.
38. Ní ináirithe chun aon chríoch a bheidh an t-am a caitheadh ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta. Áirítear leis sin na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:
- a. Ní chuirfear an t-am a caitheadh ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta san áireamh mar sheirbhís.



- b. Ní chuirfear an t-am a caitheadh ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta san áireamh i gcás cor iomarcaíochta amach anseo.
- c. Ní chuirfear an t-am a caitheadh ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta san áireamh ó thaobh dul chun cinn incriminteach de.

39. Pinsean:

Ní hionann agus seirbhís inphinsin aon tréimhse ama a caitheadh ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh.

40. Seirbhís reatha – Sinsearach:

Tá na socruithe maidir le sinsearach cúntóirí riachtanas speisialta leagtha amach i gCiorclán 51/2019 ón Roinn Oideachais (tá na socruithe maidir le sosanna gairme leagtha amach i gCiorclán 22/2012 ón Roinn Oideachais). Más rud é go bhfaighidh cúntóirí riachtanas speisialta post tríd an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh, **ní** ináirithe chun críocha sinsearachta amach anseo mar chúntóirí riachtanas speisialta leis an bhfostóir nua a bheidh aon seirbhís atá curtha isteach aige/aici cheana féin mar chúntóirí riachtanas speisialta i.e. éireoidh sé/sí ar an gcúntóirí riachtanas speisialta is sóisearaí chun críocha sinsearachta ina f(h)ostaíocht nua.

41. Rachaidh an painéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta don bhliain 2022/23 as feidhm an 30 Aibreán 2023.

42. Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh le ríomhphost amháin chuig an seoladh ríomhphoist tiomnaithe seo a leanas:

snasupplementpanel@education.gov.ie



AGUISÍN 1: Foirm an Doiciméid Fíoraithe Próisis – Ciorclán 0031/2022

Doiciméad Fíoraithe Próisis – le comhlánú ag fostóirí

Leathanach 1 de 3

Ba cheart d'fhostóirí Doiciméad Fíoraithe Próisis ar leith a chomhlánú i ndáil le gach folúntas caighdeánach cúntóra riachtanas speisialta a líonadh, **lena n-áirítear i ndáil le huaireanta breise a líonadh (i.e. i gcás go bhfaighidh cúntóir páirtaimseartha riachtanas speisialta atá ann cheana uaireanta breise)**. Níl aon cheanglas ann Foirm an Doiciméid Fíoraithe Próisis a chomhlánú i ndáil le folúntais ionaid nó “chumhdaigh”.

Ní mór leagan comhlánaithe den doiciméad seo a sheoladh ar ais chuig an mbainisteoir sannacháin fhorlíontaigh laistigh de shé seachtaine ón bhfolúntas a líonadh. ***Déan cinnte de go n-úsáidfidh tú an Doiciméad Fíoraithe Próisis a bhfuil an uimhir ciorcláin 2022/23 priontáilte air sa chúinne ag an mbarr ar dheis. Más rud é go n-úsáidfidh tú leagan níos sine den Doiciméad Fíoraithe Próisis, seolfar ar ais chuig an scoil/chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna é agus iarrfar ort an fhoirm reatha a chur isteach.***

1. An bhfuil sé amhlaidh go raibh an folúntas cúntóra riachtanas speisialta i do scoil/i do Bhord Oideachais agus Oiliúna ina phost ionaid nó ina phost breise a d'eascair as leithdháileadh méadaithe? (Cuir tic leis an rogha chuí).

Post Ionaid

Leithdháileadh

Méadaithe

2. An raibh sé ina phost páirtaimseartha nó ina phost lánaimseartha?

3. An bhfuil sé amhlaidh gur thairg do scoil/do Bhord Oideachais agus Oiliúna uaireanta caighdeánacha breise/poist chaighdeánacha bhreise do bhaill foirne pháirtaimseartha atá ann cheana roimh dó/di dul i muinín socruithe earcaíochta de réir mhír 17 den Chiorclán seo? (cuir tic leis an rogha chuí).

4. Más é 'NÍL' an freagra, cén fáth nach bhfuil?

5. Mura bhfuil, an bhfuil sé amhlaidh gur fhógair do scoil/do Bhord Oideachais agus Oiliúna an folúntas ar cheann amháin nó níos mó de na suíomhanna Gréasáin atá liostaithe i mír 21 den Chiorclán seo?

6. An bhfuil sé amhlaidh go bhfuair tú iarratais ó chúntóir riachtanas speisialta/ó chúntóirí riachtanas speisialta a chuir cóip dheimhnithe d'Fhoirm Painéil 1 (PF1) faoi iamh leis an iarratas?



Leathanach 2 de 3 Foirm an Doiciméid Fíoraithe Próisis – Ciorclán 0031/2022

7. Má tá, an bhfuil sé amhlaidh gur chuir tusa **i d'aonar** agallamh ar an gcéad dul síos ar iarratasóirí ar an bhfolúntas a raibh cóipeanna deimhnithe d'Fhoirm Painéil 1 (PF1) acu ar aon dul le míreanna 24 agus 25 den Chiorclán seo?
8. An bhfuil sé amhlaidh gur dhámh tú an folúntas do chúntóir riachtanas speisialta a raibh cóip dheimhnithe d'Fhoirm Painéil 1 (PF1) aige/aici?
9. Mura bhfuil, luaigh cén fáth nár dámhadh an folúntas do chúntóir riachtanas speisialta a raibh cóip dheimhnithe d'Fhoirm Painéil 1 (PF1) aige/aici.

Ba cheart a chuimhneamh gurb é an t-aon chás amháin nach féidir le scoil/le Bord Oideachais agus Oiliúna folúntas caighdeánach a líonadh le duine a bhfuil cóip dheimhnithe d'Fhoirm Painéil 1 (PF1) aige/aici ann ná cás ina gcinntear, tar éis agallaimh, nach gcomhlíonann aon duine de na hiarratasóirí a bhfuil Foirm Painéil 1 acu na hinniúlachtaí sonracha agus/nó na ceanglais shonracha a theastaíonn chun freastal ar riachtanais bhreise chúraim an dalta/na ndaltaí, mar atá leagtha amach san fhógra don phost. Beidh gach ceapachán cúntóra riachtanas speisialta faoi réir teistiméireachtaí a sheiceáil agus a fhíorú, aon cheanglais sláinte agus sábháilteachta ceirde a chomhlíonadh agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a shásamh.

Sonraí na Scoile:

Ainm na Scoile: _____

Seoladh na Scoile: _____

Uimh. Theileafóin na _____

Scoile:

Uimh. Rolla Scoile: _____

Le síniú ag an bPríomhoide/ag Rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna:

Deimhním go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm seo ceart, de réir mar is fearr is eol dom.

Síniú: _____

Dáta: _____

Uimh. Theileafóin an Phríomhoide/Rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna: _____

Le síniú ag Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta/ag Bainisteoir Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna:

Deimhním go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm seo ceart, de réir mar is fearr is eol dom.

Síniú: _____



Leathanach 3 de 3 Foirm an Doiciméid Fíoraithe Próisis – Ciorclán 0031/2022

Dáta: _____

Uimh. Theileafóin an Chathaoirligh/Bhainisteoir Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna: _____

Ba cheart an fhoirm seo a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig an mbainisteoir sannacháin fhorlionsaigh ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas laistigh de shé seachtaine ón bhfolúntas a líonadh:

snasupplementpanel@education.gov.ie.

De rogha air sin, is féidir foirmeacha a sheoladh le casadh an phoist chuig:

**An Bainisteoir Sannacháin Fhorlionsaigh
Bloc 2, Urlár 2
An Roinn Oideachais
Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1**

Ráiteas Príobháideachta Sonraí

Is é an phríomhchúis a dteastaíonn ón Roinn na sonraí pearsanta atá tugtha agat ná go gcuirtear leis na sonraí sin ar a cumas faireachán a dhéanamh ar cheapadh cúntóirí riachtanas speisialta ón bpainéal sannacháin fhorlionsaigh. Féadfar na sonraí pearsanta atá tugtha a mhalartú le hionadaithe údaraithe foirne agus le Comhlachtaí Bainistíochta ábhartha. Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas cosanta sonraí na Roinne ar fáil ag <https://www.gov.ie/en/organisation-information/data-protection/>, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidimid do shonraí pearsanta agus a dtugtar faisnéis maidir leis na cearta atá agat mar ábhar sonraí. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin agus faoin bhfógra príobháideachta ar fáil i gcruachóip freisin ach iad a iarraidh ón seoladh seo a leanas:

An Roinn Oideachais, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.



AGUISÍN 2:

Foirm Painéil 1 (PF1)

Leathanach 1 de 2

CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA – FOIRM AN PHAINÉIL SANNACHÁIN FHORLÍONTAIGH 2022/23

Tá an fhoirm seo le comhlánú ag scoil/ag Bord Oideachais agus Oiliúna i gcás go dtabharfaidh fostóir fógra do chúntóir riachtanas speisialta i bpost caighdeánach (**a bhfuil seirbhís leanúnach aon bhliana ar a laghad curtha isteach aige/aici**) go bhfuil sé/sí le cur ar iomarcaíocht. Ní chuirfear seirbhís i gcáil ionaid, i.e. chun saoire mháithreachais, saoire bhreitheachta, sosanna gairme a chumhdach, ná postroinnt, etc., san áireamh chun críocha iomarcaíochta.

Ná comhlánaigh an fhoirm seo ach amháin i ndáil le cúntóirí riachtanas speisialta a cuireadh ar iomarcaíocht an 1 Bealtaine 2022 nó ina dhiaidh. Níor cheart an fhoirm seo a chomhlánú i gcás go gcaillfidh chúntóir riachtanas speisialta uaireanta agus go bhfanfaidh sé/sí lena f(h)ostóir reatha.

Más rud é go gceapfar chúntóir riachtanas speisialta chuig post eile cúntóra riachtanas speisialta an 30 Aibreán 2023 nó roimh an dáta sin, ní mheasfar é/í a thuilleadh a bheith ina b(h)all den phainéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta don bhliain 2022/23.

Sonraí na Scoile:

Ainm na Scoile: _____

Seoladh na Scoile: _____

Uimh. Theileafóin na Scoile: _____

Uimh. Rolla Scoile: _____

Sonraí an Chúntóra Riachtanas Speisialta:

Ainm an Chúntóra Riachtanas Speisialta: _____

Seoladh an Chúntóra Riachtanas Speisialta: _____

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí an Chúntóra Riachtanas Speisialta: _____

Uimh. Theileafóin an Chúntóra Riachtanas Speisialta: _____

Cén dáta a thosaigh an chúntóir riachtanas speisialta seo ag obair sa scoil/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna:

__/__/____

An bhfuil sé amhlaidh gur tugadh fógra don chúntóir riachtanas speisialta seo go bhfuil sé/sí le cur ar iomarcaíocht?

Tá ____ **Níl** ____

Cén dáta a tugadh fógra foirmiúil don chúntóir riachtanas speisialta go bhfuil sé/sí le cur ar iomarcaíocht: __/__/____



Leathanach 2 de 2

Cén dáta ar le héifeacht uaidh a scoirfidh an cúntóir riachtanas speisialta seo de bheith fostaithe ag do scoil/do Bhord Oideachais agus Oiliúna ___/___/____ [ba cheart an 31 Lúnasa a iontráil i gcás gur ag deireadh na scoilbhliana a scoirfidh an cúntóir riachtanas speisialta de bheith fostaithe]

Le síniú ag an bPríomhoide/ag Rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna:

Deimhním go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm seo ceart, de réir mar is fearr is eol dom.

Síniú: _____

Dáta: _____

Uimh. Theileafóin an Phríomhoide/Rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna: _____

Le síniú ag Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta/ag Rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna:

Deimhním go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm seo ceart, de réir mar is fearr is eol dom.

Síniú: _____

Dáta: _____

Uimh. Theileafóin an Chathaoirligh/Rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna: _____

Le síniú ag an gCúntóir Riachtanas Speisialta:

Deimhním go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm seo ceart, de réir mar is fearr is eol dom.

Síniú: _____

Dáta: _____

Ba cheart an fhoirm seo a chomhlánú agus a thabhairt don chúntóir riachtanas speisialta ar tugadh fógra dó/di go bhfuil sé/sí le cur ar iomarcaíocht. Ba cheart don scoil/don Bhord Oideachais agus Oiliúna cóip den fhoirm seo a choinneáil ar mhaithe lena t(h)aifid féin.

I ngach cás, ba cheart do chúntóirí riachtanas speisialta cóip chomhlánaithe d'Fhoirm Painéil 1 (PF1) a thabhairt dá bhfostóir agus iad ag déanamh iarratas ar fholúntas, toisc gurb é sin an t-aon bhealach amháin inar féidir le fostóirí a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil Cearta Painéil ag an iarratasóir.



AGUISÍN 3: FOIRM ROGHA AN DIÚLTAITHE

Leathanach 1 de 3

CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA - FOIRM CHUN DIÚLTÚ DO BHEITH PÁIRTEACH SA PHAINÉAL SANNACHÁIN FHORLÍONTAIGH DO CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA DON BHLIAIN 2022/23

Moltar do chúntóirí riachtanas speisialta an fhoirm seo agus Ciorclán 0031/2022 a bhaineann léi a léamh go cúramach sula síneoidh siad í.

Tá an fhoirm seo le comhlánú ag cúntóir riachtanas speisialta ar mian leis/léi diúltú do bheith páirteach sa phainéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta don bhliain 2022/23. A luaithe a fhaightear an fhoirm, tosófar ar a (h)íocaíocht iomarcaíochta a phróiseáil ar aon dul leis na téarmaí atá leagtha amach i scéim iomarcaíochta na gcúntóirí riachtanas speisialta (ciorclán 58/06 ón Roinn Oideachais) nó in aon leagan athbhreithnithe den chéanna is infheidhme ag an am. Is críochnaitheach agus ceangailteach a bheidh an cinneadh chun diúltú do bheith páirteach sa phainéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta don bhliain 2022/23.

Aon chúntóir riachtanas speisialta a dhiúltóidh do bheith páirteach sa phainéal sannacháin fhorlíontaigh don bhliain 2022/23, a gheobhaidh íocaíocht iomarcaíochta agus a n-athfhóidh scoil nó Bord Oideachais agus Oiliúna **ar bith** é/í mar chúntóir riachtanas speisialta ansin laistigh de bhliain amháin ó cuireadh ar iomarcaíocht é/í, ní mór dó/di fógra a thabhairt don Roinn Oideachais nó don Bhord Oideachais agus Oiliúna, de réir mar is cuí, go bhfuair sé/sí an íocaíocht iomarcaíochta sin. Sna himthosca sin, ceanglófar ar an gcúntóir riachtanas speisialta an ghné bhreisithe (*ex gratia*) den íocaíocht iomarcaíochta a aisíoc. Déanfar socruithe le haghaidh aisíocaíochta ag an am sin, faoi réir an aisíocaíochta a dhéanamh laistigh de thréimhse 12 mhí.

Fiú amháin i gcás go n-aisíocfaidh cúntóir riachtanas speisialta an ghné bhreisithe (*ex gratia*) den íocaíocht iomarcaíochta, measfar gur briseadh an tseirbhís ar ina leith a rinneadh an íocaíocht nuair a fuair sé/sí a t(h)eidlíochtaí iomarcaíochta reachtúla agus ní bheidh aon seirbhís den sórt sin ináirithe chun críocha iomarcaíochta i gcás go gcuirfidh an fostóir nua an cúntóir riachtanas speisialta ar iomarcaíocht ina dhiaidh sin.

Má chomhlánaíonn duine an fhoirm seo, measfar go nglacann sé/sí leis na téarmaí agus coinníollacha seo. Toradh eile a bheidh ar an bhfoirm seo a chomhlánú is ea go dtabharfar údarás don Roinn Oideachais, agus d'aon fhóidh cúntóirí riachtanas speisialta san earnáil oideachais, na sonraí atá san fhoirm seo a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na forála sin.

Sonraí na Scoile:

Ainm na Scoile: _____

Seoladh na Scoile: _____



Leathanach 2 de 3

Uimh. Theileafóin na Scoile: _____

Uimh. Rolla na Scoile: _____

Sonraí an Chúntóra Riachtanas Speisialta:

Ainm an Chúntóra Riachtanas Speisialta: _____

Seoladh an Chúntóra Riachtanas Speisialta: _____

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí an Chúntóra Riachtanas Speisialta: _____

Le síniú ag an gCúntóir Riachtanas Speisialta:

Léigh mé, _____ (ainm i mbloclitreacha), go cúramach na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta don bhliain 2022/23 agus tuigim go hiomlán iad. Deimhním gur mian liom diúltú do bheith i mo bhall den phainéal sannacháin fhorlíontaigh do chúntóirí riachtanas speisialta don bhliain 2022/23. I gcás go bhfaighidh mé íocaíocht iomarcaíochta mar atá leagtha amach níos luaithe san fhoirm seo agus go bhfostóidh scoil nó Bord Oideachais agus Oiliúna **ar bith** mé mar chúntóir riachtanas speisialta ansin laistigh de bhliain amháin ó cuireadh ar iomarcaíocht mé, aithním nach mór dom fógra a thabhairt don Roinn Oideachais nó don Bhord Oideachais agus Oiliúna, de réir mar is cuí, go bhfuair mé an íocaíocht iomarcaíochta sin. Sna himthosca sin, ceanglófar orm an ghné bhreisithe (*ex gratia*) den íocaíocht iomarcaíochta a aisíoc. Toilím leis seo le m'uimhir phearsanta seirbhíse poiblí a bheith á stóráil ar Bhunachar Sonraí Lárnach. Toilím leis seo freisin go bhféadfaidh an Roinn Oideachais, agus aon fhostóir cúntóirí riachtanas speisialta san earnáil oideachais, an fhaisnéis ar fad atá san fhoirm seo a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na forála sin.

Síniú: _____

Dáta: _____

Ba cheart an fhoirm seo a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig: snaredundancy@education.gov.ie

An tAonad um Iomarcaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta

An Rannóg Párolla

An Roinn Oideachais

Corr na Madadh

Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí

I gcás go raibh tú fostaithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna, tabhair faoi deara gur cheart foirm rogha an diúltaithe a sheoladh ar ais chuig Rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird sin. Is í an Rannóg sin a phróiseálfaidh an íocaíocht.



Leathanach 2 de 3

Ba cheart duit cóip den fhoirm seo a choinneáil ar mhaithe le do thaifid féin.

A luaithe a fhaigheann an Rannóg Párolla an fhoirm chomhlánaithe seo, tosófar ar íocaíocht iomarcaíochta a phróiseáil ar aon dul leis na téarmaí atá leagtha amach i scéim iomarcaíochta na gcúntóirí riachtanas speisialta (ciorclán 58/06 ón Roinn Oideachais) nó in aon leagan athbhreithnithe den chéanna is infheidhme ag an am, ar choinníoll go mbeidh an cúntóir riachtanas speisialta i dteideal íocaíocht iomarcaíochta den sórt sin.

Ráiteas Príobháideachta Sonraí

Is é an príomhchúis a dteastaíonn ón Roinn na sonraí pearsanta atá tugtha agat ná go gcuirtear leis na sonraí sin ar a cumas:

1. Próiseáil a dhéanamh ar an iarratas uait ar íocaíocht iomarcaíochta
2. Tú a éascú diúltú do bheith páirteach sa Phainéal Sannacháin Fhorlíoantaigh

Féadfar na sonraí pearsanta atá tugtha a mhalartú leis an Rannóg Párolla agus le d'fhostóir. Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas cosanta sonraí na Roinne ar fáil ag <https://www.gov.ie/en/organisation-information/dataprotection/>, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfidimid do shonraí pearsanta agus a dtugtar faisnéis maidir leis na cearta atá agat mar ábhar sonraí. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin agus faoin bhfógra príobháideachta ar fáil i gcrúachóip freisin ach iad a iarraidh ón seoladh seo a leanas:

An Roinn Oideachais, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.